Foirm CG1

Tuairisceán Cánach Gnóthachan Caipitiúil agus Féinmheasúnú 2020

Uimhir Thagartha Cánach

Ná déan dearmad an uimhir seo a lua in aon chumarsáid le d'Oifig Ioncaim

Ainm agus Seoladh áirigh Eircode (más eol)

Seoladh Fillte

Má tá an tuairisceán seo á chur isteach agat úsáid clúdach ar bith agus scríobh "Saorphost" lastuas den Seoladh Fillte

NÍ GÁ STAMPA

TUAIRISCEÁN GNÓTHACHAN CAIPITIÚIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

Má chomhlánaíonn tú an tuairisceán cánach seo agus cuireann tú é isteach ar nó roimh an 31 Lúnasa 2021 ríomhfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an féinmheasúnú duit. Ba chóir an Tuairisceán Cánach seo a chomhlánú agus a chur ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar an 31 Deireadh Fómhair 2021 nó roimhe sin. Má thíolactar an tuairisceán seo tar éis an 31 Deireadh Fómhair 2021, cuirfear formhuirear (5% má thíolactar an tuairisceán taobh istigh de dhá mhí, seachas sin 10%) le do dhliteanas cánach.

Tá an dualgas ann tuairisceán a dhéanamh fiú nuair nach bhfuil aon chánach dlite mar gheall ar úsáid fhaoisimh nó caillteanais incheadaithe. Socraítear an dáta dlite chun CGC a íoc de réir an dáta a ndearna tú an tsócmhainn a dhiúscairt. Is iad seo a leanas na dátaí dlite a bhí ann in 2020 chun do dhliteanas CGC a íoc:

- 15 Nollaig 2020 le haghaidh sócmhainní a dhiúscraíodh idir an 1 Eanáir agus an 30 Samhain 2020, agus
- an 31 Eanáir 2021 le haghaidh sócmhainní a dhiúscraíodh in Nollaig 2020.

Gearrfar formhuirear cánach ort má theipeann ort do thuairisceán Cáin Mhaoine Áitiúil a chur isteach

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Baineann na tagairtí do reachtaíocht le hAilt den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, mura gcuirtear a mhalairt in iúl

NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

DEARBHAÍM, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil san fhoirm seo, tuairisceán ceart de na ngnóthachan inmhuirir agus caillteanais ceadaithe a d'fhabhraigh chugam sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir fhorálacha an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (ACCán. 1997), agus

DEARBHAÍM, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil na sonraí ar fad maidir le faoisimh atá á n-éileamh curtha síos i gceart

Síniú

Dáta (LL/MM/BBBB) / /

Stádas an tSínitheora

Seoladh Príomháite Cónaithe (Oifig Chláraithe, más Cuideachta)

Eircode

Seoladh Gnó más éagsúil ó Sheoladh na Príomháite Cónaithe nó ó Sheoladh na hOifige Cláraithe

Eircode

Léiriú Amhrais: Má tá amhras dáiríre ort maidir le cur i bhfeidhm ceart an dlí chánach in aon ábhar sa tuairisceán seo, tabhair sonraí faoin rud atá i gceist sna réimsí iontrálacha ar leathanach 4

Sonraí Teagmhála (le haghaidh ceisteanna faoin tuairisceán seo)

TAIN an Ghníomhaire

Ainm Teagmhála

Tagairt an Chliaint

Teileafón nó Ríomhphost

Uimhir Thagartha Cánach

GNÓTHACHAIN CHAIPITIÚLA - Gnóthachain Chaipitiúla don bhliain 1 Eanáir 2020 - 31 Nollaig 2020

1. Tuairisc na Sócmhainní	An Líon Diúscairtí	Fairsinge Chomhiomlán i Heicteáir	Comaoin Chomhiomlán
(a) Scaireanna / Urrúis - Luaite			.00
(b) Scaireanna / Urrúis - Neamhluaite			.00
(c) Talamh / Foirgnimh Talmhaíochta		.	.00
(d) Talamh Forbraíochta		.	.00
(e) Polasaithe Saoil Coigríche (Alt 594) inmhuirir ar 40%			.00
(f) Cistí Eischósta (Alt 747A) inmhuirir ar 40%			.00
(g) Áitreabh Tráchtála			.00
(h) Áitreabh Cónaithe			.00
(i) Scaireanna nó Urrúis a malartaíodh (Alt 913(5))			.00
(j) Gnóthachain as Ciste Fiontraíochta (Alt 541C(2)(a)) inmhuirir ar 15%			.00
(k) Sócmhainní Eile			.00
(l) **Comaoin Iomlán**			.00

Cuir ☒ sa bhosca / sna boscaí lena thaispeáint

	Tú Féin	**Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta**
2. Ar tharla diúscairt idir páirtithe atá bainteach nó seachas sin, nach raibh ar neamhthuilleamaí	☐	☐
3. An raibh ceann ar bith de na fáltais bhunaidh idir páirtithe atá bainteach nó seachas sin nach raibh ar neamhthuilleamaí	☐	☐
4. Ar úsáideadh an margadhluach in ionad chostas fála sócmhainní ar bith a diúscraíodh	☐	☐

5. Éileamh ar Fhaoisimh - Tú Féin

(a) Diúscairt na Príomháite Cónaithe Príobháidí: breac isteach suim na comaoine	.00
(b) Faoiseamh Scoir - Laistigh den Teaghlach: breac isteach an chomaoin ar dhiúscairt sócmhainní cáilitheacha	.00
(c) Faoiseamh Scoir - Lasmuigh den Teaghlach: breac isteach an chomaoin ar dhiúscairt sócmhainní cáilitheacha	.00
(d) Diúscairt láithreáin do leanbh: breac isteach suim na comaoine	.00
(e) Más mian leat faoiseamh a éileamh le haghaidh athstruchtúrú feirme faoi Alt 604B, cuir ☒ isteach sa bhosca agus comhlánaigh an fhoirm éilimh Faoiseamh Athstruchtúrú Feirme atá ar fáil ar www.revenue.ie	☐
(f) Eile (sonraigh) breac isteach suim na comaoine	.00

6. Éileamh ar Fhaoisimh - Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta

(a) Diúscairt na Príomháite Cónaithe Príobháidí: breac isteach suim na comaoine	.00
(b) Faoiseamh Scoir - Laistigh den Teaghlach: breac isteach an chomaoin ar dhiúscairt sócmhainní cáilitheacha	.00
(c) Faoiseamh Scoir - Lasmuigh den Teaghlach: breac isteach an chomaoin ar dhiúscairt sócmhainní cáilitheacha	.00
(d) Diúscairt láithreáin do leanbh: breac isteach suim na comaoine	.00
(e) Más mian leat faoiseamh a éileamh le haghaidh athstruchtúrú feirme faoi Alt 604B, cuir ☒ isteach sa bhosca agus comhlánaigh an fhoirm éilimh Faoiseamh Athstruchtúrú Feirme atá ar fáil ar www.revenue.ie	☐
(f) Eile (sonraigh) breac isteach suim na comaoine	.00

Uimhir Thagartha Cánach | | | | | | | | | |

Tú Féin | **Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta**

Gnóthachain / Caillteanais / Glanghnóthachain inmhuirir

7. Gnóthachain inmhuirir sa bhliain roimh fhaoiseamh faoi Alt 604A

8. Caillteanais sa bhliain roimh fhaoiseamh faoi Alt 604A

9. Má bhaineann aon cheann de na caillteanais ag Líne 8 le caillteanas do dhuine bainteach, tabhair na sonraí seo a leanas:

(a) Ainm an duine bhaintigh

(b) Uimhir Tagartha Cánach an duine bhaintigh

(c) Méid an chaillteanais

10. Suim an ghnóthachain a bhfuarthas faoiseamh ina leith faoi Alt 604A

11. Gnóthachain Inmhuirir glan ó chaillteanais incheadaithe na bliana reatha agus faoiseamh faoi Alt 604A (gan Polasaithe Saoil Eachtracha san áireamh)

12. Gnóthacha(i)n roimhe iarchurtha (inmhuirir anois)

13. Caillteanais na bliana reatha a d'eascair in 2020 ar fáil lena bhfritháireamh in aghaidh gnóthachain roimhe seo a cuireadh ar athlá

14. Suim na gCaillteanas neamhúsáidte ó bhlianta roimhe atá ar fáil le haghaidh agus le fritháireamh in aghaidh na ngnóthachan inmhuirir thuas

15. Díolúine Phearsanta (uasmhéid €1,270 do gach céile / páirtnéir sibhialta & níl in-aistrithe) **Nóta: ní foláir caillteanais ar a n-áirítear caillteanais ar aghaidh a úsáid ar dtús**

16. Glanghnóthachan inmhuirir (gan Polasaithe Saoil Coigríche a chur san áireamh)

17. Gnóthachan Inmhuirir ar Pholasaithe Saoil Coigríche

18. Caillteanasa(i)s neamhúsáidte le tabhairt ar aghaidh go 2021

Má tá caillteanas foriomlán CGT agat sa bhliain 2020 ní gá Línte 19 nó 20 a chomhlánú

19. I leith glanghnóthachan inmhuirir a d'éirigh sa tréimhse 1 Eanáir 2020 - 30 Samhain 2020

(a) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain inmhuirir ar 33%

(b) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain inmhuirir ar 40% (seachas Polasaithe Saoil Coigríche)

(c) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain ar Pholasaithe Saoil Coigríche inmhuirir ar 40%

(d) Cuir isteach méid an ghnóthachain ghlain ar dhiúscairt sócmhainn(í) gnó inmhuirir ag duine aonair ábhartha le muirearú ag 10% faoi Alt 597AA (Faoiseamh d'Fhiontraithe)

(e) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain as Caipiteal Ciste Fiontraíochta inmhuirir ar 15%

(f) (i) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain maidir le diúscairt talaimh faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) a d'fhabhraigh i 2020 de bhua Alt 542(1)(d)

(ii) An dáta diúscartha (LL/MM/BBBB)

20. I leith glanghnóthachan inmhuirir a d'éirigh sa tréimhse 1 Nollaig 2020 - 31 Nollaig 2020

(a) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain inmhuirir ar 33%

(b) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain inmhuirir ar 40% (seachas Polasaithe Saoil Coigríche)

(c) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain ar Pholasaithe Saoil Coigríche inmhuirir ar 40%

Uimhir Thagartha Cánach

(d) Cuir isteach méid an ghnóthachain ghlain ar dhiúscairt sócmhainn(í) gnó inmhuirir ag duine aonair ábhartha le muirearú ag 10% faoi Alt 597AA (Faoiseamh d'Fhiontraithe)

(e) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain as Caipiteal Ciste Fiontraíochta inmhuirir ar 15%

(f) (i) Breac isteach méid an ghlanghnóthachain maidir le diúscairt talaimh faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) a d'fhabhraigh i 2020 de bhua Alt 542(1)(d)

(ii) An dáta diúscartha (LL/MM/BBBB)

21. Faoiseamh ó Chánachas Dúbailte

Más mian leat faoiseamh a éileamh le haghaidh cáin choigríche maidir le diúscairt as a dtagann dliteanas chun críocha cánach gnóthachan caipitiúil mar atá thuas, cuir an fhaisnéis seo a leanas ar fáil maidir le gach diúscairt choigríche dá leithéad

Tír	Suim an ghnóthachain	Suim na cánach coigríche ar a bhfuil faoiseamh á héileamh anois
	,,.00	,,.
	,,.00	,,.

Sonraí Bainc

Tabhair le do thoil na sonraí ar do chuntas bainc le go bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim d'aisíocaíocht a aistriú chuig do chuntas bainc

Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (LAÍE)

Go hiondúil bíonn Uimhreacha Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (UICB) agus Cóid Aitheantais Bainc (CAB) ar fáil ar do ráitis chuntais bainc. Tá breis eolais ar LAÍE le fáil ar **www.revenue.ie**

Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh díreach chuig cuntas bainc eachtrach nach bhfuil ina bhall de LAÍE

UICB (Uasfhad 34 carachtar)

CAB (Uasfhad 11 carachtar)

Má tá tú pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta agus roghnaigh tú Cómheasúnú do 2020, déan sonraí cuntais bhainc do chéile nó do pháirtnéara shibhialta a chur ar fáil:

UICB (Uasfhad 34 carachtar)

CAB (Uasfhad 11 carachtar)

Nóta: Íocfar aon aisíocaíocht Cánach chuig an cuntas bainc seo mura gcuirtear a mhalairt in iúl

22. Léiriú Amhrais

Má tá amhras dáiríre ort maidir le cur i bhfeidhm ceart an dlí chánach i dtaobh aon rud sa tuairisceán, cuir ☒ sa bhosca agus tabhair sonraí faoin saincheist sna réimsí iontrálacha thíos

(a) Tabhair sonraí na bhfíricí agus na gcúinsí faoin ábhar lena mbaineann an Léiriú Amhrais

(b) Sonraigh an t-amhras, bonn an amhrais agus an dlí cánach as a dtagann an t-amhras

(c) Sonraigh an tsuim chánach atá in amhras maidir leis an tréimhse inmhuirearaithe lena mbaineann an Léiriú Amhrais

(d) Liostaigh na doiciméid thacaíochta atá á gcur isteach maidir leis an ábhar bainteach. Is ceart na doiciméid seo a bheith leis an tuairisceán seo

(e) Sonraigh aon treoirlínte de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar chomharlaigh tú i dtaobh cur i bhfeidhm an dlí i gcúinsí cosúla

Uimhir Thagartha Cánach | | | | | | | | | |

Féinmheasúnú déanta faoi Chaibidil 4 de Chuid 41A

Ní mór go mbeadh Féinmheasúnú curtha leis an tuairisceán seo ag an duine inmhuirearaithe lena mbaineann an tuairisceán. Beidh aon duine a theipeann orthu féinmheasúnú a dhéanamh faoi dhliteanas pionóis €250

NÁ DÉAN DEARMAD
Má chuireann tú an tuairisceán seo isteach chuig na Coimisinéirí loncaim ar nó roimh an 31 Lúnasa 2021, ní bheidh ort an painéal Féinmheasúnaithe a chomhlánú

23. Féinmheasúnú – Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

(a) Méid na ngnóthachan inmhuirir a éiríonn don tréimhse seo ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

(**Nóta:** is é seo an méid gnóthachan inmhuirir don tréimhse seo, lúide faoisimh, más ann dóibh, a laghdaíonn an gnóthachan inmhuirir)

(b) Méid na cánach inmhuirir don tréimhse seo ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

(**Nóta:** is é seo an méid cánach atá inmhuirearaithe ar an ngnóthachan inmhuirir **tar éis** asbhaintí, faoiseamh nó liúntas a chur san áireamh, más ann dóibh, m.sh. liúntas pearsanta nó aistriú gnó chuig cuideachta)

(c) Méid na cánach iníoctha don tréimhse seo ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

(**Nóta:** is é seo an méid cánach atá dlite aon Fhaoiseamh Scoir nó Chreidmheasa do Cháin Eachtrach arna híoc a bhaint as cáin inmhuirearaithe)

(d) Méid an fhormhuirir dlite faoi Alt 1084 de bharr comhdú déanach an tuairisceáin seo ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

(**Nóta:** má tá an tuairisceán seo á chomhdú agat tar éis an dáta tuairisceáin atá sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe, gearrfar formhuirear ort de bharr comhdaithe dhéanaigh
Mura gcomhdaíonn tú an tuairisceán in am, gearrfar formhuirear ort anuas ar an gcáin atá dlite

- 5% den cháin atá dlite nó €12,695, cibé acu sin is lú, nuair a chuirtear isteach an tuairisceán laistigh de dhá mhí tar éis an dáta dlite
- 10% den cháin atá dlite nó €63,485, cibé acu sin is lú, nuair a chuirtear isteach an tuairisceán níos mó ná dhá mhí tar éis an dáta dlite)

(e) Méid an fhormhuirir dlite faoi Alt 1084 de bharr neamhchomhlíonadh le riachtanais CMÁ ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

(**Nóta:** má chomhdaíonn tú an tuairisceán seo in am, ach má theipeann ort, tráth an dáta chomhdaithe, do thuairisceán Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) a chur isteach nó an CMÁ a bhí dlite a íoc nó dul i mbun comhaontaithe íocaíochta, ba cheart go ngearrfaí formhuirear ort anuas ar an dliteanas deireanach, arb ionann é agus an formhuirear a ghearrtar nuair a chomhdaítear tuairisceán dhá mhí nó níos mó tar éis an dáta chomhdaithe. Ba cheart an méid atá iníoctha i d'Fhéinmheasúnú a mhéadú 10% mar sin, faoi réir uasmhéid méadaithe €63,485. Nuair a thugtar an CMÁ suas chun dáta ina dhiaidh sin, cuirfear teorainn leis an bhformhuirear arb ionann í agus an méid dliteanais CMÁ atá iníoctha)

(f) Méid na cánach íoctha díreach leis an Ard-Bhailitheoir don tréimhse seo ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

(**Nóta:** cuirtear isteach anseo an méid cánach dírí a íoctar don bhliain móide na méideanna ó bhliain eile nó ó chineál cánach eile, más ann dóibh, go mb'fhéidir go bhfuil siad curtha do shochar sa bhliain)

(g) (i) Iarmhéid chánach iníoctha don tréimhse seo ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

(ii) Iarmhéid chánach ró-íoctha don tréimhse seo ☐☐,☐☐☐,☐☐☐.00

DEARBHAÍM gurb é seo thuas m'Fhéinmheasúnú do Cháin Ghnóthachan Caipitiúil na bliana 2020

Síniú _____ Dáta (LL/MM/BBBB) ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

Stádas an tSinitheora _____